



TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
PIKAMÄE
arna tabhairt an 12 Meán Fómhair 2024¹

Cás C-93/23 P

Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

v

Neoperl AG

(Achomharc – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Rialachán (CE) Uimh 207/2009 – Airteagal 4 – Marcanna a fhéadfar a bheith i dtrádmharc de chuid an Aontais – Iarratas ar shuíomh-mharc tadhlaigh a chlárú lena léirítear ionsáiteán sláintíochta sorcóireach – Airteagal 7 – Dearbhfhórais le diúltú – Diúltú na hiarrata – Rialachán (AE) 2017/1001 – Airteagal 72(3) – Caingne – Sásra chun a chinneadh ar cheart ligean d’achomhairc dul ar aghaidh – Cás as a dtagann ceist shuntasach d’aontacht, comhleanúnachas agus forbairt dhlí an Aontais)

I. Réamhrá

1. Trína achomharc, féachann Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) le breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 7 Nollaig 2022, *Neoperl v EUIPO (Léiriú ar ionsáiteán sláintíochta sorcóireach)* (T-487/21, ‘an breithiúnas atá faoi achomharc’, EU:T:2022:780), lenar chuir an Chúirt Ghinearálta cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 3 Meitheamh 2021 (Cás R 2327/2019-5) a bhaineann le clárú de shuíomh-mharc tadhlaigh lena léirítear ionsáiteán sláintíochta sorcóireach mar thrádmharc de chuid an Aontais (‘an cinneadh atá faoi chonspóid’) ar neamhní.

2. Níl an t-achomharc seo bunaithe ach ar fhoras amháin, lena n-éilítear sárú ag an gCúirt Ghinearálta ar Airteagal 72(3) de Rialachán 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le trádmharc an Aontais Eorpaigh.² Mar sin féin, ardaíonn na hargóintí a chuir EUIPO chun cinn ceisteanna tábhachtacha maidir le *raon feidhme an athbhreithnithe bhreithiúnaigh a rinne an Chúirt Ghinearálta i ndáil le cinneadh ó Bhord Achomhairc* na gníomhaireachta sin de chuid an Aontais. Níos cruinne, fiafraítear leis an achomharc seo den Chúirt Bhreithiúnais cinneadh a thabhairt maidir le raon agus coinníollacha fheidhmiú na cumhachta a bhronntar ar an gCúirt Ghinearálta leis an bhforáil thuasluaite chun cinntí a athrú. A mhéid is a bhaineann na ceisteanna sin le dáileadh inniúlachtaí, is de chineál

¹ Bunteanga: an Fhraincis.

² IO 2017 L 154, lch. 1.

bunreachtúil atá siad. Thairis sin, is dócha go mbeidh tionchar suntasach ag freagra na gceisteanna sin a théann i bhfad níos faide ná an díospóid sna príomhimeachtaí, eadhon ar chóras breithiúnach an Aontais Eorpaigh ina iomláine.

3. Ba iad sin na cúiseanna ar ceadaíodh don achomharc sin dul ar aghaidh faoin sásra maidir le ligean d'achomharc dul ar aghaidh ('an sásra scagtha le haghaidh achomhairc') a tugadh isteach le hAirteagal 58a de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Ó tugadh isteach an sásra sin an 1 Bealtaine 2019, níor ghlac an Chúirt Bhreithiúnais ach le líon beag achomharc, go háirithe toisc go bhfuil na coinníollacha atá le comhlíonadh dian. Ní fhéadfar achomhairc a bhfuil tionchar ag an sásra sin orthu a cheadú ach amháin i gcás ina n-ardaítear saincheist atá suntasach i ndáil le haontacht, comhleanúnachas nó forbairt dhlí an Aontais. Dá bhrí sin, cuideoidh breithiúnas na Cúirte Breithiúnais amach anseo le soiléiriú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanfar na critéir sin a léiriú ar mhaithe le cleachtas dlíthiúil.

II. An creat dlíthiúil

4. I bhfianaise an dáta a comhdaíodh an t-iarratas atá i gceist, eadhon an 1 Meán Fómhair 2016, a bhí cinntitheach chun an dlí substainteach is infheidhme a shainaithint chun scrúdú a dhéanamh an ann do dhearbhfhorais le diúltú, bhí an díospóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh faoi rialú ag forálacha substainteacha Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 maidir le trádmarc an Aontais Eorpaigh,³ de réir mar is iomchuí, arna leasú le Rialachán (AE) 2015/2424 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015 lena leasaítear Rialachán Uimh. 207/2009 agus Rialachán Uimh. 2868/95, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2869/95 ón gCoimisiún maidir leis na táillí is iníoctha leis an Oifig um Chomhchuibhiú sa Mhargadh Inmheánach (Trádmarcanna agus Dearaí).⁴ Cuireadh Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an trádmarc de chuid an Aontais Eorpaigh in ionad Rialachán Uimh. 207/2009. Tá feidhm ag Rialachán 2017/1001 maidir le gnéithe nós imeachta an cháis seo.

Rialachán Uimh. 207/2009

5. Foráiltear le hAirteagal 4 de Rialachán Uimh. 207/2009, dar teideal 'Marc a fhéadfar a bheith i dtrádmarc [de chuid an Aontais Eorpaigh]':

'Is éard a fhéadfaidh a bheith i dtrádmarc [de chuid an Aontais Eorpaigh] marcanna ar bith ar féidir iad a léiriú go grafach, go háirithe focail, lena n-áirítear ainmneacha pearsanta, dearáí, litreacha, uimhreacha, cruth earraí nó cruth a bpacáistíochta, ar choinníoll go bhfuil marcanna den sórt sin in ann earraí nó seirbhísí gnóthais amháin a idirdhealú ó earraí nó seirbhísí gnóthais eile.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

³ IO 2009 L 78, lch. 1.

⁴ IO 2015 L 341, lch. 21.

6. Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 7 den Rialachán sin, dar teideal ‘Dearbhfhonais le diúltú’, arna leasú le Rialachán 2015/2424, ach atá comhionann ó thaobh na bhforálacha atá ábhartha maidir leis an gcaingean os comhair na Cúirte Ginearálta a scrúdú:

‘1. Ní chlárófar na nithe seo a leanas:

- (a) marcanna nach gcomhlíonann ceanglais Airteagal 4;
- (b) trádmharcanna nach bhfuil aon saintréith ag roinnt leo;

[...]

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7. Foráiltear le hAirteagal 26(1)(d) agus (3) den Rialachán sin, dar teideal ‘Coinníollacha atá le comhlíonadh leis an iarratas’:

‘1. Ní mór an méid seo a leanas a bheith san iarratas ar thrádmharc [de chuid an Aontais]:

[...]

(d) léiriú ar an trádmharc.

[...]

3. Ní mór don iarratas ar thrádmharc [de chuid an Aontais] na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán Cur Chun Feidhme dá dtagraítear in Airteagal 162(1) a chomhlíonadh [...]

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8. Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 162(1) den Rialachán sin, dar teideal ‘Forálacha cur chun feidhme’:

‘Leagfar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo i Rialachán Cur Chun Feidhme.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialachán 2017/1001

9. Is mar seo a leanas atá Airteagal 41(2) agus (4) de Rialachán 2017/1001, dar teideal ‘Scrúdú ar choinníollacha an chomhdaithe’:

‘2. I gcás nach sáraíonn an t-iarratas ar thrádmharc de chuid AE na ceanglais dá dtagraítear i mír 1, iarrfaidh an Oifig ar an iarratasóir na heasnamh nó an mhainneachtain íocaíochta a réiteach laistigh de dhá mhí ón bhfógra a fháil.

[...]

4. Mura ndéantar na heasnaimh arna mbunú de bhun mhír 1(b) a réiteach laistigh den tréimhse fhorordaithe, diúltóidh an Oifig don iarratas.’

10. Foráiltear in Airteagal 66 den Rialachán sin, dar teideal ‘Cinntí atá faoi réir achomhairc’:

‘1. Beidh ábhar achomhairc ann i gcoinne aon cheann de chomhlachtaí cinnteoireachta na hOifige a liostaítear i bpointe (a) go pointe (d) d’Airteagal 159 agus, i gcás inarb iomchuí, i bpointe (f) den Airteagal sin. Ní bheidh feidhm ag na cinntí sin ach amháin ó dháta éagtha thréimhse an achomhairc dá dtagraítear in Airteagal 68. Beidh éifeacht fionraíochta ag comhdú an achomhairc.

2. Ní fhéadfar achomharc a dhéanamh ar chinneadh nach gcuireann deireadh le himeachtaí i ndáil le ceann de na páirtithe ach in éineacht le hachomharc ar an gcinneadh críochnaitheach, ach amháin má cheadaítear achomharc ar leithligh faoin gcinneadh.’

11. Foráiltear le hAirteagal 70(1) den Rialachán sin, dar teideal ‘Achomhairc a scrúdú’:

‘Má tá an t-achomharc inghlactha, scrúdóidh an Bord Achomhairc an bhfuil sé incheadaithe nó nach bhfuil.’

12. Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 71 de Rialachán 2017/1001, dar teideal ‘Cinntí i ndáil le hachomhairc’:

‘1. Tar éis scrúdú a dhéanamh maidir leis an achomharc a bheith incheadaithe nó gan a bheith, déanfaidh an Bord Achomhairc cinneadh ar an achomharc. Féadfaidh an Bord Achomhairc aon chumhacht laistigh d’inniúlacht an rannáin a bhí freagrach as an gcinneadh a ndearnadh achomharc air a fheidhmiú, é sin nó an cás a tharchur chuig an rannán sin chun ionchúiseamh breise a dhéanamh air.

2. Má dhéanann an Bord Achomhairc an cás a tharchur chun ionchúiseamh breise a dhéanamh air chuig an rannán a ndearnadh achomharc ar a chinneadh, beidh an rannán sin faoi cheangal ag an *ratio decidendi* céanna leis an mBord Achomhairc, sa [mhéid] agus gur ionann na fíricí.

3. Ní bheidh éifeacht ag cinntí ón mBord Achomhairc ach amháin ó dháta na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 72(5) a bheith caite nó, más rud é go bhfuil caingean tugtha os comhair na Cúirte Ginearálta laistigh den tréimhse sin, amhail ón dáta a dhífeair caingean den sórt sin nó ó dháta aon achomhairc a chomhdaítear leis an gCúirt Bhreithiúnais i gcoinne an chinnidh ón gCúirt Ghinearálta.’

13. Faoi Airteagal 72 den Rialachán sin, ‘Caingne os comhair na Cúirte Breithiúnais’:

‘1. Féadfar caingne a thabhairt os comhair na Cúirte Ginearálta i gcoinne chinntí na mBord Achomhairc maidir le hachomhairc.

2. Féadfar an caingean a thabhairt ar fhorais easpa inniúlachta, sárú ar cheanglas riachtanach nós imeachta, sárú ar CFAE, sárú ar an Rialachán seo nó ar aon rial dlí a bhaineann lena gcur i bhfeidhm nó le mí-úsáid cumhachta.

3. Beidh dlínse ag an gCúirt Ghinearálta chun an cinneadh a chonspóidtear a chur ar neamhní nó a athrú.

4. Beidh an caingean oscailte d'aon pháirtí sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc a n-imríonn cinneadh an Bhoird drochthionchar air.

5. Tabharfar an chaingean os comhair na Cúirte Ginearálta laistigh de dhá mhí ón dáta a dtugtar fógra faoin gcinneadh ón mBord Achomhairc.

6. Glacfaidh an Oifig gach beart is gá chun breithiúnas na Cúirte Ginearálta nó, i gcás achomhairc i gcoinne an bhreithiúnais sin, breithiúnas na Cúirte Breithiúnais, a chomhlíonadh.'

14. Foráiltear le hAirteagal 94 den Rialachán sin, dar teideal 'Cinntí agus teachtaireachtaí na hOifige':

'1. Luafar i gcinntí na hOifige na cúiseanna ar a bhfuil siad bunaithe. Is ar chúiseanna agus fianaise amháin ar a raibh deis ag na páirtithe a gcuid tráchtanna a chur i láthair a bhunófar iad beag beann ar aon rud eile. [...]

[...]'

15. Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 95 den Rialachán sin, dar teideal 'Scrúdú na hOifige ar fhíorais as a stuaim féin':

'1. In imeachtaí os a comhair scrúdóidh an Oifig na fíorais as a stuaim féin; in imeachtaí a bhaineann le forais choibhneasta le diúltú don chlárú, áfach, ní bheidh an Oifig in ann scrúdú a dhéanamh ach ar na fíorais, an fhianaise agus na hargóintí arna dtíolacadh ag na páirtithe agus ar an bhfaoiseamh arna iarraidh. [...]

[...]'

16. Luaitear in Airteagal 151(1)(a) de Rialachán 2017/1001, dar teideal 'Cúraimí na hOifige':

'Beidh na cúraimí seo a leanas ar an Oifig:

(a) córas trádhmharcanna AE a bhunaítear leis an Rialachán seo a riar agus a chur chun cinn;'

17. Foráiltear le hAirteagal 159 den Rialachán sin, dar teideal 'Inniúlacht':

'Chun cinntí a dhéanamh i ndáil leis na nósanna imeachta a leagtar síos sa Rialachán seo, is iad seo a leanas a bheidh inniúil:

(a) scrúdaitheoirí;

(b) Rannáin Freasúra;

(c) aon roinn atá i bhfeighil ar an gClár;

(d) Rannáin Chealúcháin;

(e) Boird Achomhairc;

(f) aon aonad nó duine eile arna cheapadh ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin dá réir sin.'

18. Foráiltear in Airteagal 165(1) den Rialachán sin, dar teideal ‘Boird Achomhairc’:

‘Beidh na Boird Achomhairc freagrach as cinneadh faoi achomhairc ó chinntí a ghlacfar de bhun Airteagal 160 go hAirteagal 164.’

III. Cúlra na díospóide agus an cinneadh atá faoi chonspóid

19. An 1 Meán Fómhair 2016, chomhdaigh Neoperl iarratas le EUIPO ar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh a chlárú faoi Rialachán Uimh. 207/2009 i ndáil leis an marc seo a leanas:



20. San iarratas ar chlárú, rinneadh cur síos ar an marc atá i gceist mar ‘shuíomh-mharc tadhlaigh’ agus rinneadh cur síos air mar seo a leanas:

21. ‘Is suíomh-mharc tadhlaigh é an marc. Baineann an cosaint a dhéantar iarratas ina leith le struchtúr, atá ag taobh amháin d’ionsáiteán sláintíochta sorcóireach, deartha le haghaidh sruth uisce, a threoraítear amach agus a chaithear ó bhonn doshínte, agus an struchtúr sin comhdhéanta de shaighid chiorclacha, chomhlárnacha agus leaisteacha de chúpla milliméadar ar airde thar dhromchla iomlán an taoibh sin, agus lena féidir na saighid leaisteacha a lúbadh trí mhéar a bhrú i gcoinne nó taobh leis an mbonn. Ní éilítear aon chosaint don chuid eile d’imlíne na heiliminte den ionsáiteán, arna taispeáint le líne breactha sa léiriú.’

22. Is in aicme 11 de Chomhaontú Nice a bhaineann le hAicmiú Idirnáisiúnta Earraí agus Seirbhísí chun Críocha an Chláraithe Marcanna an 15 Meitheamh 1957, arna athbhreithniú agus arna leasú, atá na hearraí ar iarradh clárú ina leith, agus freagraíonn siad don tuairisc seo a leanas: ‘Éilimintí sláintíochta atá le hionsá, go háirithe rialtáin sreibhe agus foirmeáin sreibhe’.

23. Cuireadh i gcoinne an chláraithe mar gheall ar fhorais fhoirmiúla le diúltú cláraithe dá bhforáiltear le hAirteagal 26(1)(d) de Rialachán Uimh 207/2009 (Airteagal 31(1)(d) de Rialachán (CE) Uimh 2017/1001 anois), arna léamh i gcomhar le Riail 9(3)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 2868/95 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 1995 maidir leis na modhanna chur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 40/94 ón gComhairle maidir le trádmharc an Chomhphobail (IO 1995 L 303, lch. 1) (Airteagal 41(2) de Rialachán (CE) Uimh 2017/1001 anois), os rud é, ‘nach nglacann [EUIPO], go ginearálta, le marcanna tadhlaigh’. [Aistriúchán Neamhoifigiúil] Moladh, dá bhrí sin, go ndéanfaidh an t-iarratasóir an marc a ndearnadh iarratas air a athaicmiú mar shuíomh-mharc.

24. Le litir dar dáta an 22 Nollaig 2016, dhiúltaigh an t-iarratasóir an marc a ndearnadh iarratas ina leith a athaicmiú agus d’áitigh sé, ina leith sin, go n-aicmeofaí é mar shuíomh-mharc tadhlaigh agus ar an tuairisc a soláthraíodh.

25. Le cinneadh an 11 Deireadh Fómhair 2019, dhiúltaigh an scrúdaitheoir an t-iarratas ar chlárú ar bhonn Airteagal 41(4) de Rialachán 2017/1001, arna léamh i gcomhar le, go háirithe, Airteagal 4 agus Airteagal 31(3) den Rialachán sin, de bharr forais fhoirmiúla, nach raibh an t-iarratas, a lorg clárú de mharc tadhlach, beacht go leor de réir bhrí na bhforálacha sin.

26. An 16 Deireadh Fómhair 2019, rinne an t-iarratasóir fógra achomhairc a chomhdú le EUIPO i gcoinne chinnidh an scrúdaitheora. An 22 Eanáir 2020, chuir sé ráiteas i scríbhinn isteach ina leagtar amach na forais atá leis an achomharc sin.

27. Le teachtaireacht ón Rapóirtéir an 3 Lúnasa 2020, chuir Bord Achomhairc EUIPO in iúl don iarratasóir, gan beann ar cibé acu ar chomhlíon nó nár chomhlíon an t-iarratas ar thrádmharc ceanglais Airteagal 31 de Rialachán 2017/1001, gur mheas sé go raibh an dearbhfhóras le diúltú dá dtagraítear in Airteagal 7(1)(b) den Rialachán sin ábhartha agus nach raibh saintréith ar leith ag baint leis an marc a ndearnadh iarratas ina leith de réir bhrí na forála deiridh sin.

28. An 3 Márta 2021, chuir an t-iarratasóir a bharúlacha isteach maidir le teachtaireacht an 3 Lúnasa 2020.

29. Leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, chinn an Cúigiú Bord Achomhairc de EUIPO nach raibh saintréith ar leith ag baint leis an marc ar iarradh clárú mar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh ina leith de réir bhrí Airteagal 7(1)(b) de Rialachán 2017/1001 agus dhiúltaigh sé don achomharc.

IV. Na himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta agus an breithiúnas atá faoi achomharc

30. Le hiarratas a taisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 10 Lúnasa 2021, thionscain Neoperl caingean chun an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní.

31. Mar thaca lena chaingean, d'ardaigh Neoperl dhá shaincheist dlí, lena n-éilítear, ar an gcéad dul síos, sárú ar Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009 agus, ar an dara dul síos, sárú ar an gcéad abairt d'Airteagal 95(1) de Rialachán 2017/1001. Mhaígh Neoperl, go bunúsach, nár chuir an Bord Achomhairc gnéithe áirithe an chomhartha atá i gceist san áireamh go leordhóthanach mar shuíomh-mharc tadhlach agus cháin sé é toisc nár shuigh sé, de shárú, go háirithe, ar an oibleagáid a eascraíonn as Airteagal 95 de Rialachán 2017/1001 scrúdú a dhéanamh ar na fíorais ábhartha *ex officio*, an gnáth-thuairim thadhlach arna léiriú ag rialtáin sreibhe, a tháirgtear leis an marc ar iarradh clárú ina leith, nó gur ghá go mbeadh baint ag an tuiscint thadhlach sholúbtha sin ar na slinnte a chomhdhéanann an marc sin le cáilíocht fheidhmiúil na n-earraí atá i gceist. Tháinig an t-iarratasóir ar an gconclúid, murab ionann agus cinneadh an Bhoird Achomhairc, go raibh saintréith ag baint leis an marc sin.

32. Chuir EUIPO i gcoinne argóintí Neoperl agus d'áitigh sé go raibh an Bord Achomhairc ceart, tar éis na fíricí a chinneadh go mion agus go cruinn, nach raibh saintréith ag baint leis an gclárú sin.

33. Leis an mbreithiúnas atá faoi achomharc, chuir an Chúirt Ghinearálta an cinneadh atá faoi chonspóid ar neamhní.

34. I gcomhthéacs an scrúdaithe ar an dá fhoras achomhairc sin, thosaigh an Chúirt Ghinearálta ag meabhrú, go bunúsach, i míreanna 20 go 22 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur dhiúltaigh an scrúdaitheoir don iarratas ar chlárú ar bhonn Airteagal 41(4) de Rialachán 2017/1001, agus gur chinn an Bord Achomhairc gan scrúdú a dhéanamh ach ar an dearbhfhóras le clárú a dhiúltú faoi Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009, agus é ag lua nach raibh an cheist ar cheart clárú a dhiúltú freisin don mharc ar iarradh clárú ina leith faoi Airteagal 41(4) de Rialachán 2017/1001 ábhartha freisin.

35. I mír 23 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, thug an Chúirt Ghinearálta dá haire nár ardaigh Neoperl saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar raon feidhme an dlí chun agóid a dhéanamh i gcoinne rogha an Bhoird Achomhairc scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chlárú i bhfianaise Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009 amháin gan a fhíorú an bhféadfadh an marc atá i gceist a bheith ina thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 4 den Rialachán sin.

36. Maidir le saincheist a ardú *ex officio* nár ardaigh páirtí as a stuaim féin, thug an Chúirt Ghinearálta dá haire, i míreanna 26 agus 27 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go bhfuil an cumas ag Cúirteanna an Aontais agus, i gcás inarb iomchuí, go bhfuil an oibleagáid orthu, saincheistanna dlíthiúlachta inmheánaí ar leith a ardú, cur i gcás saincheist arna bunú ar údarás absalóideach *res judicata*. Dá bhrí sin, is ceist beartais phoiblí í saincheist dlí atá bunaithe ar raon feidhme an dlí agus is faoin gCúirt Ghinearálta atá sé í a scrúdú *ex officio*, i gcomhréir le prionsabal na sáraíochta. Sa chás seo, d'iarr an Chúirt Ghinearálta ar na páirtithe, le linn na héisteachta agus trí cheist atá le freagairt i scríbhinn i gcomhthéacs nós imeachta a eagrú, a dtuairimí a chur in iúl maidir le hoibleagáid, más ann di, a bheith ar an mBord Achomhairc chun scrúdú a dhéanamh ar ar chomhlíon an marc a ndearnadh iarratas air an ceanglas maidir le hionadaíocht ghrafach a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 207/2009 agus, dá bhrí sin, an bhféadfaí an marc sin a ghabháil leis an bhforas iomlán le diúltú dá dtagraítear in Airteagal 7(1)(a) den Rialachán sin, go háirithe i bhfianaise chásdlí na Cúirte Ghinearálta.⁵

37. Dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta d'argóint EUIPO nach ndearna an Bord Achomhairc earráid sa scrúdú ar shaintréith nuair nach bhfíoraigh sé ar comhlíonadh na coinníollacha a eascraíonn as Airteagal 4 agus Airteagal 7(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009, ós rud é gur scrúdaigh sé cur i bhfeidhm Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009 ar an mbealach is iomláine is féidir, agus bhraith an Chúirt sin, i míreanna 35 agus 36 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ar léiriú litriúil ar Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009.

38. Is réamhcheist í léiriú na rialacha den dlí ábhartha agus go háirithe an cheist an gcomhlíonann an marc a n-iarrtar clárú mar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh ina leith na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 207/2009, lena n-áirítear an cheist an bhféadfaí léiriú grafach a dhéanamh air, agus an bhféadfadh sé, dá bhrí sin, a bheith ina thrádmharc, a bhfuil gá lena réiteach chun scrúdú a dhéanamh ar na pléadálacha dlí sa chaingean lena líomhnaítear sárú ar Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009 agus ar Airteagal 95(1) de Rialachán Uimh. 2017/1001. I mír 48 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, míníonn an Chúirt Ghinearálta go ndéanfaidh sí neamhaird dá feidhm mar bhreitheamh dlíthiúlachta más rud é, ar an gcéad dul síos, gur staon sí ó thabhairt faoi deara, fiú in éagmais aon agóid ó na páirtithe maidir leis an bpointe sin, gur glacadh an cinneadh atá faoi chonspóid ar bhonn rialach, eadhon Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009, nach mbeadh infheidhme maidir leis an gcás seo

⁵ Breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *M/S. Indeutsch International v EUIPO – 135 Kirkstall* (Léiriú ar rachtáin idir dhá líne chomhthreomhara) (T-124/20, EU:T:2021:668).

i gcás nach trádmharc é a bhféadfadh trádmharc a bheith an marc a bhfuil clárú á lorg ina leith de réir bhrí Airteagal 4 den Rialachán sin, gné nár scrúdaigh an Bord Achomhairc, agus, ar an dara dul síos, gur tugadh rialú ar an díospóid os a comhair tríd an rial sin a chur i bhfeidhm.

39. Maidir le tuillteanais na saincheiste lena n-éilítear sárú ar raon feidhme an dlí, chinn an Chúirt Ghinearálta, i mír 55 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, maidir leis an gceist an gcomhlíonann an marc ar iarradh clárú ina leith na coinníollacha clárúcháin a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 207/2009, gur féidir struchtúr an mhairc sin, a mhéid atá sé comhdhéanta de shaighid chiorclacha agus chomhlárnacha de chúpla milliméadar ar airde thar dhromchla iomlán an taoibh, a léiriú go grafach. Ar an láimh eile, ní hamhlaidh atá i gcás an imprisean tadhlaigh a tháirgeann an struchtúr sin, a mhéid a bhaineann le carachtar leaisteach na slinne, atá in-dhífhoirmithe trí mhéar a bhrú ar an mbonn agus taobh leis an mbonn.

40. Mar a tugadh le fios i mír 34 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, d'fhéadfadh marc a bheith ina thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh má chomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar amach san fhoráil sin, lena n-áirítear an coinníoll gur féidir léiriú grafach ar mharc a léiriú go grafach, nach mór léiriú grafach ar mharc a bheith soiléir, beacht, féinchuimsitheach, inrochtana go héasca, intuigthe, marthanach agus oibiachtúil freisin.

41. Dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta, i mír 53 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, d'argóint EUIPO nach léir an tuiscint thadhlaigh arna léiriú leis an marc ar iarradh clárú ina leith ó léiriú grafach an mhairc sin, ach ón tuairisc amháin a ghabhann leis an léiriú sin nach féidir, de réir EUIPO, a chur san áireamh, de bhun Airteagal 3(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme 2018/626.⁶ Dá bhrí sin, thug an Chúirt Ghinearálta dá haire go bhfuil Airteagal 3 den Rialachán Cur Chun Feidhme sin mar chuid de Theideal II de. Cé go raibh an Rialachán sin i bhfeidhm tráth a glacadh an cinneadh atá faoi chonspóid, foráiltear le hAirteagal 39(2)(a) den Rialachán sin nach bhfuil feidhm ag Teideal II maidir le hiarratais ar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh a comhdaíodh roimh an 1 Deireadh Fómhair 2017. Dá bhrí sin, contrártha le hargóintí EUIPO, níl feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme 2018/626 sa chás seo, ós rud é gur comhdaíodh an t-iarratas ar chlárú an mhairc atá i gceist an 1 Meán Fómhair 2016. Thairis sin, de bhun na mbeart idirthréimhseach dá bhforáiltear in Airteagal 37 de Rialachán Cur Chun Feidhme sin, leanfaidh forálacha Rialachán Uimh. 2868/95 d'fheidhm a bheith acu maidir le himeachtaí leanúnacha go dtí go dtabharfar i gcrích iad i gcás nach bhfuil feidhm ag an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

42. Sna himthosca sin, i mír 57 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta nach raibh an imprisean tadhlaigh arna léiriú leis an marc ar iarradh clárú ina leith soiléir go beacht agus go hiomlán ó léiriú grafach an mhairc sin féin, ach, ar a mhéad, ón tuairisc a ghabhann leis. Dá bharr sin, níor shonraigh an cur síos an léiriú grafach ar an marc sin de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 56 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, agus d'fhéadfaí amhras a chur leis ar chuspóir agus raon feidhme an léirithe ghrafaigh sin le hiarracht a dhéanamh chun cuspóir na cosanta arna iarradh a leathnú. Níor chomhlíon an marc ar iarradh clárú ina leith na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 207/2009 agus, dá bhrí sin, tháinig sé faoin bhforas absalóideach le diúltú a leagtar amach in Airteagal 7(1)(a) den Rialachán sin.

⁶ Rialachán Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 5 Márta 2018 lena mbunaítear na modhanna cur chun feidhme forálacha faoi leith de Rialachán 2017/1001 agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1431 (IO 2018 L 104, lch. 37).

43. Chinn an Chúirt Ghinearálta i mír 60 den bhreithiúnas atá faoi achomharc nach raibh Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009 infheidhme maidir leis an measúnú ar an iarratas ar chlárú an mhaire atá i gceist mar thrádmharc de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh an Bord Achomhairc an fhoráil sin a chur i bhfeidhm go dlíthiúil chun an cinneadh a ghlacadh lena ndíuláítear don achomharc i gcoinne chinnidh an scrúdaitheora clárú an mhaire sin a dhiúltú.

44. Dá bhrí sin, glacadh an cinneadh atá faoi chonspóid de shárú ar raon feidhme an dlí. Dá bhrí sin, cuireadh ar neamhní é.

V. Éilimh na bpáirtithe agus an nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais

45. Le hordú an 11 Iúil 2023,⁷ lig an Chúirt Bhreithiúnais don achomharc sin dul ar aghaidh, tar éis di a chinneadh gur léiríodh, leis an iarratas ó EUIPO go ligfear don achomharc dul ar aghaidh, de réir an chaighdeáin dhlíthiúil is gá, gur ardaíodh saincheist leis an achomharc a bhí suntasach i ndáil le haontacht, comhleanúnachas agus forbairt dhlí an Aontais.

46. Lena hachomharc, maíonn EUIPO gur cheart don Chúirt Bhreithiúnais:

- an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní;
- an chaingean arna tionscnamh i gcoinne an chinnidh atá faoi chonspóid a dhíbhe; agus
- a ordú do gach páirtí a chostais féin a íoc.

47. Maíonn Neoperl gur cheart don Chúirt Bhreithiúnais:

- seasamh le hachomharc EUIPO a mhéid a fhéachann sé leis an mbreithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní agus an chuid eile den achomharc a dhíbhe;
- a dhearbhu go bhfuil an breithiúnas ar neamhní ar an mbonn nár cuireadh an phléadáil a d'áitigh an cosantóir san áireamh lena líomhnaítear sárú, a rinne an t-iarratasóir, ar Airteagal 71(1) de Rialachán 2017/1001, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 7(1)(a) agus an chéad abairt d'Airteagal 94(1) den Rialachán céanna;
- na himeachtaí a tharchur ar ais chuig EUIPO chun scrúdú a dhéanamh den chéad uair ar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 7(1)(a), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 4, de Rialachán Uimh. 207/2009, agus
- a ordú do EUIPO na costais a íoc.

48. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais gan éisteacht a thionól, i gcomhréir le hAirteagal 76(2) de na Rialacha Nós Imeachta.

⁷ Ordú an 11 Iúil 2023, *EUIPO v Neoperl* (C-93/23 P, EU:C:2023:601).

VI. Anailís dhlíthiúil

A. Réamhbharúlacha

1. An sásra chun achomhairc a scagadh

49. Tá an sásra chun achomhairc a scagadh mar chuid de na bearta athchóirithe atá glactha ag an gCúirt Bhreithiúnais chun déileáil le méadú leanúnach ar a hualach oibre agus tá sé beartaithe a chur ar chumas na Cúirte leanúint den chúram a shanntar di ag údair an Chonartha a chomhlíonadh, is é sin a áirithiú, laistigh de thréimhse réasúnta, ‘go gcomhlíonfar an dlí i léiriú na gConarthaí agus ina gcur i bhfeidhm’, mar a cheanglaítear le hAirteagal 19(1) CAE. Tá feidhm ag an sásra sin maidir le hachomhairc i gcoinne bhreithiúnais nó orduithe na Cúirte Ginearálta a bhaineann le cinntí na mBord Achomhairc atá neamhspleách ar chomhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais, achomhairc nach mór a thabhairt os comhair na Cúirte Ginearálta sular féidir caingean a thabhairt.⁸

50. Tá an t-athchóiriú bunaithe ar an gcinneadh gur ghá cuid shuntasach de na caingne arna dtionscnamh a dhíbhe toisc iad a bheith do-ghlactha go follasach nó gan bhunús, cé go raibh na cásanna atá i gceist faoi réir dhá athbhreithniú bhreithiúnacha cheana féin, ag na Boird Achomhairc atá neamhspleách ar ghníomhaireachtaí an Aontais ar dtús, agus ag an gCúirt Ghinearálta ina dhiaidh sin. Ós rud é gur measadh go raibh sé riachtanach acmhainní na Cúirte Breithiúnais a bhainistiú chomh cúramach agus ab fhéidir, cinneadh gan an tríú hathbhreithniú breithiúnach a cheadú ach go heisceachtúil, eadhon i gcásanna inar léirigh an t-achomharcóir go diongbháilte go bhfuil cinneadh na Cúirte Ginearálta curtha ó bhail mar gheall ar earráid thromchúiseach dlí a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do chásanna a bheidh le láimhseáil amach anseo.

51. Fuair an Chúirt Bhreithiúnais inspioráid ó chórais bhreithiúnacha na mBallstát, a chuireann inghlacthacht caingne os comhair cúirte níos airde faoi réir coinníollacha áirithe go minic, amhail an ceanglas go mbeadh ‘buntábhacht’ ag baint leis an gcás nó go n-imeodh an cinneadh breithiúnach atá faoi chonspóid ‘ó chásdlí na gcúirteanna uachtaracha’. Sna cásanna sin, foráiltear le córais bhreithiúnacha na mBallstát go bhfuil gá le cinneadh ón gcúirt is airde chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú. Mar a chuir mé in iúl i réamhrá na Tuairime seo, ní ligfear d’achomhairc a bhaineann leis an sásra sin dul ar aghaidh ach amháin má ardaítear leo saincheist atá suntasach maidir le haontacht, comhleanúnachas nó forbairt dhlí an Aontais.

52. Tugann na cásanna inar mheas an Chúirt Bhreithiúnais go dtí seo go bhfuil an coinníoll sin le comhlíonadh léargas ar na cineálacha cásanna a thagann i bhfeidhm, chomh maith le cuspóir deiridh an tsásra scagtha sa chóras leigheasanna. Ardaítear leis na cásanna sin saincheisteanna amhail infheidhmeacht na gcomhaontuithe idirnáisiúnta atá ina gceangal ar an Aontas os comhair chúirteanna an Aontais,⁹ na hiarmhairtí a bhaineann le tarraingt siar Ballstáit ó chóras trádmharcanna an Aontais Eorpaigh,¹⁰ agus an ceanglas go ndéanfaidh dlíodóir neamhspleách

⁸ Féach an iarraidh a rinne an Chúirt Bhreithiúnais faoin dara mír d’Airteagal 281 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh chun Prótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a leasú, atá ar fáil ag an suíomh idirlín seo a leanas: https://curia.europa.eu/jcms/jcms/P_64268/ga/ (lch. 1 agus 7).

⁹ Féach ordú an 10 Nollaig 2021, *EUIPO v The KaiKai Company Jaeger Wichmann* (C-382/21 P, EU:C:2021:1050).

¹⁰ Féach ordú an 7 Aibreán 2022, *EUIPO v Indo European Foods* (C-801/21 P, EU:C:2022:295).

ionadaíocht ar mhaithe le riar cuí an cheartais.¹¹ Is saincheisteanna bunúsacha iad sin de dhlí an Aontais a théann thar raon feidhme an achomhairc agus, dá bhrí sin, ní mór don údarás léiritheach is airde iad a shoiléiriú.

2. Na ceisteanna lena mbunaítear ceadú an achomhairc seo

53. Agus na saincheisteanna dlí atá i gcroílár an cháis seo á gcur i gcomparáid leis na cásanna a liostaítear sa mhír roimhe seo, níl aon amhras ach go gcomhlíontar an coinníoll sin chun ligean don achomharc sa chás seo, ar na cúiseanna a leag an Chúirt Bhreithiúnais amach ina hordú an 11 Iúil 2023¹² agus a ndéanfaidh mé achoimre orthu thíos ar mhaithe le tuiscint níos fearr ar anailís an achomhairc.

54. Ar an gcéad dul síos, is *ceist chothrománach* í an cheist ar sháraigh an Chúirt Ghinearálta teorainneacha a dlínse trí athchóiriú *de facto* a dhéanamh ar chinneadh an Bhoird Achomhairc tar éis scrúdú a dhéanamh ar shaincheist dlí a ardaíodh *ex officio*.

55. Ar an dara dul síos, is ceist shuntasach de *chineál bunreachtúil* í tabhairt na gcumhachtaí, ós rud é go bhfuil ceangal dlíthiúil ar an gCúirt Ghinearálta gníomhú laistigh de theorainneacha na gcumhachtaí a thugtar di le dlíchóras an Aontais.

56. Ar an tríú dul síos, tá tábhacht ar leith ag baint leis an gceist a bhaineann le coinníollacha agus raon fheidhme na cumhachta a thugtar don Chúirt Ghinearálta chun cinntí a athrú, ós rud é go bhfuil tionchar ag sárú na cumhachta sin ar inniúlacht eisiach na mBord Achomhairc, ar chosaint dhlíthiúil na ndaoine aonair lena mbaineann cinneadh EUIPO agus, go ginearálta, ar chosaint bhreithiúnach éifeachtach.

57. Ar an gceathrú dul síos, is saincheist shuntasach í ceist choinníollacha agus raon fheidhme na cumhachta a thugtar don Chúirt Ghinearálta chun cinntí a athrú sa mhéid is *nach bhfuil sí teoranta don dlí maoiné intleachtúla*, ach go bhféadfadh sí a bheith bainteach freisin le cinntí ó ghníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, faoi réir athbhreithnithe bhreithiúnaigh ag Cúirteanna an Aontais.

58. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a thabhairt faoi deara freisin gur chomhlíon EUIPO an ceanglas tuairisc a thabhairt, ina iarraidh go ligfear don achomharc dul ar aghaidh, go beacht agus go soiléir ar an earráid dlí a cháineann sé atá i gceist leis an gCúirt Ghinearálta. D'aimsigh EUIPO go háirithe ní hamháin na míreanna den bhreithiúnas atá faoi achomharc a chuireann sé ina gcoinne ach an fhoráil de dhlí an Aontais dá líomhnaítear a thuig an Chúirt Ghinearálta go mícheart.

59. Tar éis na réamhbharúlacha sin maidir leis an sásra chun achomhairc a scagadh agus maidir leis an ráiteas sin ar chúiseanna ar chinn an Chúirt Bhreithiúnais an t-achomharc a rinne EUIPO a cheadú, is gá scrúdú mionsonraithe a dhéanamh an bhfuil bunús maith leis.

¹¹ Féach ordú an 30 Eanáir 2023, *bonnanwalt v EUIPO* (C-580/22 P, EU:C:2023:126).

¹² Ordú an 11 Iúil 2023, *EUIPO v Neoperl* (C--93/23 P, EU:C:2023:601).

B. An foras achomhairc aonair

1. Argóintí na bpáirtithe

60. Mar thaca lena achomharc, ardaíonn EUIPO foras achomhairc aonair, lena líomhnaítear sárú ar Airteagal 72(3) de Rialachán 2017/1001. Áitíonn EUIPO gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta an teorainn ar a dlínse a leagtar síos leis an bhforáil sin trí scrúdú a dhéanamh den chéad uair ar an bhforas le diúltú agus ar an bhforas le hachomharc bunaithe ar Airteagal 7(1)(a), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 4, de Rialachán Uimh. 207/2009, a d'ardaigh EUIPO ag an gcéad chéim os comhair an Bhoird Achomhairc, ach gur staon EUIPO go sainráite ó scrúdú a dhéanamh sa chinneadh atá faoi chonspóid, agus trí rialú a dhéanamh ann féin ar na tuillteanais, ar an mbonn sin, in ionad an Bhoird Achomhairc, maidir leis an achomharc a cuireadh faoina bhráid.

61. De réir EUIPO, ní faoin gCúirt Ghinearálta a bhí sé é sin a dhéanamh, ós rud é nach raibh sé inniúil athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh an scrúdaitheora, ach athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an chinnidh atá faoi chonspóid ón mBord Achomhairc amháin. Sa chás seo, bhain an Chúirt Ghinearálta go cinntitheach den Bhord Achomhairc a chumhacht athbhreithnithe bhunaidh a thugtar dó le hAirteagal 165(1), Airteagal 66(1) agus Airteagal 70(1) de Rialachán 2017/1001, agus d'athdhearbhaigh an reachtas go sainráite roinnt uaireanta a thábhachtaí atá sé cumhachtaí a roinnt idir EUIPO, a Bhord Achomhairc, an Chúirt Ghinearálta agus an Chúirt Bhreithiúnais i gcóras cosanta dlíthiúla iomláine, iomchuí agus éifeachtaí, lena n-áirítear i gcoinne chinntí EUIPO.

62. Tá an t-achomharc dírithe i gcoinne na ngnéithe seo a leanas den bhreithiúnas atá faoi achomharc: (i) an dearbhú go bhfuil dlínse shubstainteach ag an gCúirt Ghinearálta chun an cheist a scrúdú maidir le cur i bhfeidhm substainteach na gcoinníollacha d'Airteagal 7(1)(a) arna léamh i gcomhar le hAirteagal 4 de Rialachán Uimh. 207/2009 sa chás seo, i ndáil leis an bpléadail a d'ardaigh an Chúirt Ghinearálta as a stuaim féin; (ii) an scrúdú a rinne an Chúirt Ghinearálta, ar an mbonn sin, maidir le cur i bhfeidhm substainteach na gcoinníollacha d'Airteagal 7(1)(a) arna léamh i gcomhar le hAirteagal 4 de Rialachán Uimh. 207/2009; (iii) an cinneadh a glacadh dá bharr sin go dtagann an marc sin salach ar an mbonn le diúltú dá dtagraítear in Airteagal 7(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009; agus (iv) an conclúid chun an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní.

63. Áitíonn Neoperl go bhfuil achomharc EUIPO ceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne ghnéithe an bhreithiúnais atá faoi achomharc dá dtagraítear sa mhír roimhe seo. Tugann Neoperl faoi deara freisin gur luaigh EUIPO, mar is ceart, nár ghá don Chúirt Ghinearálta scrúdú a dhéanamh ar shubstaint Airteagal 7(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 4 de. Ina thuairim, ba cheart an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní agus é a tharchur os comhair EUIPO ionas gur féidir leis féin scrúdú iomlán a dhéanamh ar Airteagal 7(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 4 den Rialachán sin.

64. Maidir le héifeachtaí an bhreithiúnais atá faoi achomharc, maíonn Neoperl go ndéanann sárúithe líomhnaithe na Cúirte Ghinearálta dochar dó maidir lena cheart chun éisteacht a fháil. Dá bhrí sin, tar éis don Chúirt Ghinearálta an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní, ba cheart a iarraidh ar Bhord Achomhairc eile de chuid EUIPO rialú a thabhairt ar an gceist ar chomhlíon an marc ar iarradh clárú in leith ceanglais Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 207/2009. Murab ionann agus an Chúirt Ghinearálta, a bhfuil a critéar measúnaithe teoranta

d'athbhreithniú ar dhlíthiúlacht, d'fhéadfadh an Bord Achomhairc eile sin de EUIPO, dá réir sin, cumhachtaí an scrúdaitheora ag an gcéad chéim a fheidhmiú agus anailís nua a dhéanamh ar na fíorais uaidh féin agus fianaise nua a chur san áireamh.

65. Mar sin féin, i bhfianaise na mbreithnithe atá leagtha amach ag an gCúirt Ghinearálta i míreanna 47 go 58 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, tá sé de cheangal ar an mBord Achomhairc sin, dá bhrí sin, diúltú, gan tuilleadh anailíse a dhéanamh ar na fíorais, do chlarú an mhairc a iarradh mar gheall ar easpa líomhnaithe léirithe ghrafaigh, ós rud é go measann an Chúirt Ghinearálta go bhfuil na cinntí i míreanna 47 go 58 den bhreithiúnas atá faoi achomharc ceangailteach. Cuireann Neoperl in iúl nach mbeadh aon seans ann go n-éireodh le caingean os comhair na Cúirte Ginearálta i gcoinne chinnidh den sórt sin, ós rud é gur rialaigh an Chúirt Ghinearálta cheana féin i gcoinne na féidearthachta go ndéanfaí léiriú grafach ar an marc a ndearnadh iarratas ar chlárú air. Dá bhrí sin, is ionann na breithnithe atá leagtha amach ag an gCúirt Ghinearálta i míreanna 47 go 58 den bhreithiúnas atá faoi achomharc agus sárú ar cheart Neoperl chun éisteacht a fháil.

2. Measúnú

(a) An gá atá le scrúdú a dhéanamh ar gach céim den réasúnaíocht sa bhreithiúnas atá faoi achomharc

66. Cáineann EUIPO an Chúirt Ghinearálta, go bunúsach, toisc gur sháraigh sí an chumhacht a thugtar di le hAirteagal 72(3) de Rialachán 2017/1001 chun cinntí a athrú. I ndáil leis sin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil an réasúnaíocht dhlíthiúil a d'fhorbair an Chúirt Ghinearálta sa bhreithiúnas atá faoi achomharc sách casta. Mar gheall air sin, níl sé éasca, ar an gcéad amharc, an áit dhíreach ina bhfuil an 'bun'-earráid dhlí 'san argóint a aimsiú. Go deimhin, sular fheidhmigh sí a cumhacht chun cinntí a athrú, bhí ar an gCúirt Ghinearálta déileáil le roinnt réamh-shaincheisteanna dlí.

67. Go sonrach, d'ardaigh an Chúirt Ghinearálta as a stuaim féin, ar an gcéad dul síos, pléadáil lena líomhnaítear sárú ar raon feidhme an dlí agus, ar an dara dul síos, rialaigh sí ar chur i bhfeidhm tosaíochta an fhorais diúltaithe dá dtagraítear in Airteagal 7(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009. Níor chinn an Chúirt Ghinearálta an cinneadh ón mBord Achomhairc a chur ar neamhní go dtí go ndearna Bord Achomhairc EUIPO earráid leis an gcur i bhfeidhm tosaíochta arna líomhain. Tá dlúthnasc idir na saincheisteanna a d'ardaigh an Chúirt Ghinearálta agus, dá bhrí sin, ba cheart scrúdú mionsonraithe a dhéanamh orthu.

68. Ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, feictear dom go bhfuil sé riachtanach, ar mhaithe le soiléireacht, scrúdú a dhéanamh ar gach céim de réasúnaíocht dhlíthiúil na Cúirte Ginearálta is ábhar don achomharc seo. Dá bhrí sin, déanfar an anailís seo a leanas a struchtúrú de réir na gcéimeanna seo. Mar a mhíneoidh mé, tá saincheisteanna dlí ann nach mór aghaidh a thabhairt orthu i gcomhthéacs na hanailíse sin nár déileáladh leo fós i gcásdlí na Cúirte Breithiúnais. *Is é cuspóir na hanailíse seo an pointe beacht a aimsiú a chuaigh réasúnaíocht na Cúirte Ginearálta ar strae ó cheanglais dhlí an Aontais*, lena ndearnadh earráid dlí dá bharr ar tugadh údar maith don bhreithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní.

(b) An fhéidearthacht chun pléadáil a ardú ex officio lena líomhnaítear sárú ar raon feidhme an dlí

69. I míreanna 18 go 49 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, tugann an Chúirt Ghinearálta aghaidh ar shaincheist na féidearthachta saincheist a ardú *ex officio* lena líomhnaítear sárú ar raon feidhme an dlí. Is é an chúis atá le hanailís a dhéanamh ar an gceist sin ná, i dtuairim na Cúirte Ginearálta, gur cheart don Bhord Achomhairc scrúdú a dhéanamh ar chomhlíon an marc ar iarradh clárú ina leith ceanglais Airteagal 7(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009 agus, go sonrach, ar chomhlíon sé an ceanglas maidir le léiriú grafach a leagtar síos in Airteagal 4 den Rialachán sin, sular scrúdaigh sé an marc i bhfianaise na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 7(1)(b) den Rialachán sin.

70. Is é sin le rá, measann an Chúirt Ghinearálta go ndearna an Bord Achomhairc earráid dlí a mhéid nár scrúdaigh sé réamhcheist a bhfuil a réiteach riachtanach chun na modhanna achomhairc arna dtarraingt ón sárú ar Airteagal 7(1)(b) agus ar Airteagal 95(1) de Rialachán Uimh. 207/2009 a scrúdú. Dá bhrí sin, tá cás os comhair na Cúirte Ginearálta nach mór di, arna iarraidh sin do na páirtithe sa díospóid, athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht chur i bhfeidhm forála ag an mBord Achomhairc cé nach bhfuil feidhm ag an bhforáil sin, dar léi.

71. I mír 48 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, míníonn an Chúirt Ghinearálta go ndéanfaidh sí neamhaird dá feidhm mar réiteoir dlíthiúlachta más rud é, ar thaobh amháin, gur staon sí ó thabhairt faoi deara, fiú in éagmais aon agóid ó na páirtithe maidir leis an bpointe sin, gur glacadh an cinneadh atá faoi chonspóid ar bhonn rialach, eadhon Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009, nach mbeadh infheidhme maidir leis an gcás seo i gcás nach bhfuil fíoraithe ag an mBord Achomhairc, i gcás nach trádmharc é an marc a bhfuil clárú á lorg ina leith de réir bhrí Airteagal 4 den Rialachán sin agus, ar an taobh eile, gur tugadh rialú ar an díospóid os a comhair tríd an gcaighdeán sin féin a chur i bhfeidhm.

72. Caithfidh mé aontú leis sin. *Mar ráthóir dlíthiúlachta, ní mór do Chúirteanna an Aontais Eorpaigh dlí an Aontais a chomhlíonadh iad féin agus cinntí a dhéanamh saor ó earráidí.* Éilítear leis an gcúram sin, i mo thuairimse, go leathnófaí an coincheap ‘pléadáil dlíthiúlachta beartais phoiblí’ chun ráthaíocht an dlí shubstaintigh a chumhdach.¹³ Sa chomhthéacs sin, ba cheart a mheabhrú gur ábhar beartais phoiblí i gcásdlí Bhinse na Seirbhíse Sibhialta í an phléadáil lena líomhnaítear neamhaird ar raon feidhme an dlí. Daingníodh an seasamh sin sa bhreithiúnas cinniúnach an 21 Feabhra 2008, *Putterie-De-Beukelaer v an Coimisiún*,¹⁴ agus i gcomhthéacs fasach a chruthaigh an Chúirt Ghinearálta i mbreithiúnas an 15 Iúil 1994, *Browet agus páirtithe eile v an Coimisiún*,¹⁵ maidir leis na ceanglais a bhaineann le hoifig an bhreithnithe dlíthiúlachta. Dá bhrí sin, mheas Binse na Seirbhíse Sibhialta ‘go ndéanfaidh sé neamhaird dá ról mar réiteoir dlíthiúlachta dá staonfadh sé ó thabhairt faoi deara, fiú in éagmais aon agóide ó na páirtithe maidir leis an bpointe sin, go ndearnadh an cinneadh a ndearnadh agóid ina choinne sula ndearnadh é ar bhonn rialach nach bhféadfaí a chur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo agus, dá bhrí sin, go raibh sé ina chúis le rialú a thabhairt ar an díospóid a bhí os a chomhair trí riail den sórt sin a chur i bhfeidhm é féin’.¹⁶ Is dócha gur chuir speisialtóireacht an bhinse sin, lena gcuirtear ar a cumas máistreacht a fháil ar chastacht na reachtaíochta is infheidhme sa réimse dlí sin, le cruthú an chásdlí sin.

¹³ Féach, chuige sin, Clausen, F., *Les moyens d'ordre public devant la Cour de justice de l'Union européenne*, an Bhruiséil 2018, Ich. 309 go 317.

¹⁴ Breithiúnas an 21 Feabhra 2008, (F-31/07, EU:F:2008:23).

¹⁵ Féach breithiúnas an 15 Iúil 1994, (T-576/93 à T-582/93, EU:T:1994:93, mír 35).

¹⁶ Breithiúnas an 21 Feabhra 2008 *Putterie-De-Beukelaer v an Coimisiún* (F-31/07, EU:F:2008:23, míreanna 50 *et seq.*).

73. Cé go bhfuil samplaí comhchosúla i gcásdlí Chúirteanna eile an Aontais sách annamh, níl aon chúis oibiachtúil ann gan an phléadáil beartais phoiblí sin a aithint ina réimsí dlínse faoi seach freisin. Go deimhin, tá sé doshéanta go bhfuil *Cúirteanna an Aontais Eorpaigh in ann na caighdeáin a chuireann siad i bhfeidhm agus a léiríonn siad a fhíorú ex officio*. Léirítear le líon mór samplaí go bhfuil an Chúirt Bhreithiúnais chomh maith leis an gCúirt Ghinearálta réidh chun an dlí is infheidhme a chinneadh *ex officio*. Ar an gcaoi sin, ceartaíonn an Chúirt Ghinearálta as a stuaim féin an bunús dlí a mhaígh páirtí agus ionadaíocht *ratione temporis* á déanamh ar na forálacha is infheidhme ar na cinn a mhaígh an páirtí sin.¹⁷ Déanann sí athléamh ar ghearán a líomhnaíonn sárú ar an reachtaíocht thánaisteach mar shárú ar phrionsabal ginearálta an dlí.¹⁸ Ní bhíonn drogall ar an gCúirt Bhreithiúnais, i gcás tarchur chun réamhrialú faoi léiriú, chun a dheimhniú nó a shonrú raon feidhme na rialach a chuireann an chúirt náisiúnta i bhfeidhm, agus i gcás inarb iomchuí, ceartaíonn sí earráid a rinne an chúirt náisiúnta.¹⁹

74. Ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, táim den tuairim nach mór *a aithint go bhfuil sé de chumhacht ag breitheamh an Aontais saincheist dlí a ardú ex officio lena líomhnaítear sárú ar raon feidhme an dlí i gcás ina bhfuil gá le cur chuige den sórt sin*. Ní fhéadfaidh feidhmiú na cumhachta sin a bheith faoi réir coinníollacha atá beacht go leor, eadhon neamh-infheidhmeacht forála maidir leis an gcás seo agus an baol go réiteoidh an chúirt an díospóid de shárú ar an bhforáil sin mura n-ardóidh sí an tsaincheist dlí sin. Is cosúil go gcomhlíontar na coinníollacha sin go foirmiúil sa chás seo, is cuma an bhfuil toimhde na Cúirte Ghinearálta ceart maidir le hinfheidhmeacht an dlí shubstaintigh atá i gceist, a scrúdófar ag céim níos déanaí.

75. Dá bhrí sin, a mhéid a chinn an Chúirt Ghinearálta sa bhreithiúnas atá faoi achomharc go ndearna an Bord Achomhairc cinneadh maidir le bunús dlí mícheart agus gur ghá an ghné sin a tharraingt anuas *ex officio*, dá uireasa sin go seasfaí le cinneadh arna chur ó bhail trí earráid dlí, measaim nach bhfuil an réasúnaíocht sin dosháraithe ó thaobh dlí de chun críocha an achomhairc seo. Dá ngníomhódh an Chúirt Ghinearálta ar shlí eile sna himthosca sin, *bheadh uirthi cinneadh a dhéanamh freisin atá contrártha le dlí an Aontais*, rud a bheadh ar neamhréir le cúram dlíthiúlachta na cúirte.

76. Dá bhrí sin, measaim, *ó thaobh foirmiúil de* ar a laghad, nach féidir an Chúirt Ghinearálta a cháineadh as earráid dlí a bheith déanta aici nuair a d'ardaigh sí, uaithi féin, pléadáil lena líomhnaítear sárú ar raon feidhme an dlí.

(c) Maidir le cur i bhfeidhm tosaíochta Airteagal 7(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009

77. Is fíor nach bhfuil aon tionchar ag an *gconclúid idirmheánach* sin ar an gceist ar bhunaigh an Bord Achomhairc a chinneadh ar bhunús dlí mícheart, mar a ghlac an Chúirt Ghinearálta leis. Braitheann an hipitéis sin ar léiriú a sheasann an Chúirt Ghinearálta leis, ar dá réir nach mór Airteagal 7(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009 a scrúdú de réir a chéile sula scrúdaítear Airteagal 7(1)(b) den Rialachán sin agus ar an hipitéis go bhfuil cur i bhfeidhm tosaíochta ann.

¹⁷ Féach breithiúnais an 6 Meán Fómhair 2013, *Europäisch-Iranische Handelsbank v an Chomhairle* (T-434/11, EU:T:2013:405, mír 123), agus an 10 Deireadh Fómhair 2014, *Marchiani v an Pharlaimint* (T-479/13, nár foilsíodh, EU:T:2014:866, mír 71).

¹⁸ Féach breithiúnas an 10 Deireadh Fómhair 2014, *Marchiani v an Pharlaimint* (T-479/13, nár foilsíodh, EU:T:2014:866, mír 81).

¹⁹ Féach breithiúnais an 24 Samhain 1993, *Keck agus Mithouard* (C-267/91 agus C-268/91, EU:C:1993:905, míreanna 6 go 10); an 23 Aibreán 2009, *Rüffler* (C-544/07, EU:C:2009:258, míreanna 50 go 59); an 8 Márta 2011, *Ruiz Zambrano* (C-34/09, EU:C:2011:124, míreanna 39 agus 40); agus an 12 Nollaig 2013, *Imfeld agus Garcet* (C-303/12, EU:C:2013:822, míreanna 35 go 39).

78. I mír 46 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, tugann an Chúirt Ghinearálta dá haire gur scrúdaigh an Bord Achomhairc an raibh saintréith faighte ag an marc a ndearnadh iarratas ina leith trína úsáid de réir bhrí Airteagal 7(3) de Rialachán Uimh. 207/2009. Mar sin féin, sonraíonn an Chúirt Ghinearálta nach féidir scrúdú den sórt sin a shamhlú fiú mura féidir an marc atá i gceist a léiriú go grafach de réir bhrí Airteagal 4 den Rialachán sin agus nach mór, dá bhrí sin, clárú a dhiúltú faoi Airteagal 7(1)(a) de.

79. I mír 47 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, míníonn an Chúirt Ghinearálta gur réamhcheist í an cheist an gcomhlíonann an marc a n-iarrtar clárú mar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh ina leith na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 207/2009, lena n-áirítear an cheist an bhféadfaí léiriú grafach a dhéanamh air, agus an bhféadfadh sé, dá bhrí sin, a bheith ina thrádmharc, a bhfuil gá lena réiteach chun scrúdú a dhéanamh ar na pléadálacha dlí sa chaingean lena líomhnaítear sárú ar Airteagal 7(1)(b) agus ar Airteagal 95(1) de Rialachán Uimh. 207/2009.

80. Go bhfios dom, léirítear leis an léiriú sin cásdlí a d'fhorbair an Chúirt Ghinearálta le déanaí.²⁰ I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, i mír 46 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go luann an Chúirt Ghinearálta an 6 Deireadh Fómhair 2021, *M v S. Indeutsch International v EUIPO – 135 Kirkstall (Léiriú ar rachtáin idir dhá líne chomhthreomhara)*,²¹ ina ndealraíonn sé go bhfuil bunús leis an líne nua cásdlí sin. Dá bhrí sin, is í an cheist an bhfuil bunús ag an gcásdlí sin i ndlí an Aontais.

81. Ar dtús, ní mór a mheabhrrú, i gcomhréir le cásdlí socair na Cúirte Breithiúnais, go bhfuil gach ceann de na forais chun clárú a dhiúltú a liostaítear in Airteagal 7(1) de Rialachán Uimh. 207/2009 *neamhspleách ar na forais eile agus gur gá scrúdú ar leithligh a dhéanamh orthu*.²² Thairis sin, dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais cheana féin nach mór na forais diúltaithe sin a léiriú i bhfianaise an leasa phoiblí is bunús le gach ceann acu. Maidir leis an leas ginearálta a chuirtear san áireamh agus scrúdú á dhéanamh ar gach ceann de na forais diúltaithe sin, féadfaidh sé breithnithe éagsúla a léiriú, nó ní mór dó breithnithe éagsúla a léiriú fiú, de réir an fhorais diúltaithe atá i gceist.²³

82. Maidir leis an gcásdlí a luaitear thuas, atá bunaithe go soiléir ar an bprionsabal go bhfuil gach ceann de na dearbhfhórais diúltaithe a liostaítear in Airteagal 7(1) de Rialachán Uimh. 207/2009 uathrialach, ní gá go bhfeictear dom go gcoisctear léiriú, mar a thacaigh an Chúirt Ghinearálta leis, ar dá réir is gá scrúdú a dhéanamh ar dtús an gcomhlíonann an marc atá i gceist na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4, mar a cheanglaítear le hAirteagal 7(1)(a) den Rialachán sin. Ina ionad sin, feictear dom gur féidir an léiriú sin a thuiscint mar *threoir atá dírithe ar an riarachán agus ar an dlíodóir maidir leis an gceart a fhíorú thar aon ní eile an gcomhlíontar na ceanglais is bunúsaí maidir le marcanna a chlárú*. Thar aon ní eile, ní fheictear dom go dtarraingíonn léiriú den sórt sin amhras ar raon feidhme na bhforas eile le diúltú. Dá bhrí sin, mura bhfuil feidhm ag Airteagal 7(1)(a) maidir leis an gcás seo, a bhfuil sé de dhualgas ar EUIPO scrúdú a dhéanamh air, tá an oibleagáid fós ann infheidhmeacht na bhforas diúltaithe eile a fhíorú. Ón taobh sin de, ní gá go ndealraíonn sé go bhfuil contrárthacht idir an líne nua cásdlí sin a chruthaigh an Chúirt Ghinearálta agus cásdlí socair na Cúirte Breithiúnais.

²⁰ Féach, chuige sin, Büscher, W., Kochendörfer, M., *Unionsmarkenverordnung Beck'scher Online-Kommentar*, an 32ú eagrán, Airteagal 7(77).

²¹ T-124/20, nár foilsíodh, EU:T:2021:668, mír 47.

²² Féach, go háirithe, breithiúnas an 8 Aibreán 2003, *Linde agus páirtithe eile* (C-53/01 go C-55/01, EU:C:2003:206, mír 67), agus an 21 Deireadh Fómhair 2004, *OHMI v Erpo Möbelwerk* (C-64/02 P, EU:C:2004:645, mír 39).

²³ Féach breithiúnas an 29 Aibreán 2004, *Henkel v OHMI* (C-456/01 P agus C-457/01 P, EU:C:2004:258, míreanna 45 agus 46).

83. Beag beann ar an dearcadh sin, tá roinnt argóintí fós ann a thacaíonn an léiriú a ghlac an Chúirt Ghinearálta leis, mar a chuirfidh mé in iúl seo a leanas.

84. Ar an gcéad dul síos, tacaíonn *foclaíocht* Airteagal 7(1)(a) nó (b) de Rialachán Uimh. 207/2009 leis an tosaíocht sin. Cé go ndéantar tagairt in Airteagal 7(1)(b) do ‘thrádmharcanna’, déantar tagairt in Airteagal 7(1)(a) do ‘mharcanna’ [Aistriúchán neamhoifigiúil]. I gcomhthéacs Airteagal 7(1)(a), is gá, dá bhrí sin, ar dtús, scrúdú a dhéanamh an bhféadfadh an marc atá i gceist a bheith ina thrádmharc de réir bhrí Airteagal 4 den Rialachán sin. Baineann Airteagal 7(1)(b) ansin leis an gceist an féidir leis an marc ar féidir leis, i bprionsabal, a bheith ina thrádmharc, a fheidhm maidir le tionscnamh a shonrú a chomhlíonadh freisin.

85. Ar an dara dul síos, leanann sé freisin ón *scéim* atá ina gné dhílis d’Airteagal 7 de Rialachán Uimh. 207/2009 gur tosaíocht é Airteagal 7(1)(a) thar Airteagal 7(1)(b). Foráiltear le hAirteagal 7(3) go bhféadfar easpa sainiúlachta trádmhairc a shárú más rud é go bhfuil saintréith bainte amach ag an marc tar éis na húsáide a baineadh as. Mar sin féin, tugtar le tuiscint go loighciúil leis sin go bhféadfadh an marc a ndearnadh iarratas ina leith a bheith ina thrádmharc de réir bhrí Airteagal 7(1)(a) den Rialachán sin, ós rud é nach féidir an foras diúltaithe sin a shárú trí úsáid.

86. Ar an tríú dul síos, tá *brí agus cuspóir* na bhforálacha thuasluaite i bhfabhar tosaíochta den sórt sin freisin. Ní féidir anailís loighciúil a dhéanamh ar shaintréith trádmhairc ach amháin má tá sé suite ar dtús cén marc nach mór baint a bheith aige leis an tsaintréith. Dá bhrí sin, ní mór a shuí ar dtús an soláthraíonn an marc a bhfuil clárú á lorg ina leith léiriú grafach leordhóthanach nó an bhfuil sé beacht go leor le bheith in ann bunús a chruthú don scrúdú ar shaintréith an mhairc shonraigh sin.

87. I bhfianaise na mbreithnithe sin roimhe seo, measaim nach bhfuil an léiriú a chuir an Chúirt Ghinearálta chun cinn, maidir le cur i bhfeidhm tosaíochta an fhorais diúltaithe a leagtar amach in Airteagal 7(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009, curtha ó bhail mar gheall ar earráid dlí. Dá bhrí sin, bhí an ceart ag an gCúirt Ghinearálta saincheist dlí a ardú *ex officio* lena líomhnaítear sárú ar raon feidhme an dlí i gcomhthéacs na díospóide sna príomhimeachtaí. Mar a luaigh mé thuas, feictear dom go raibh gá le hidirghabháil na Cúirte Breithiúnais sna himthosca a thuairiscítear chun *cosc a chur ar leanúint d’earráid dlí arna déanamh ag an mBord Achomhairc*.²⁴

(d) Feidhmiú neamhdhleathach na cumhachta a thugtar don Chúirt Ghinearálta le hAirteagal 73(3) de Rialachán (AE) 2017/1001 chun cinntí a athrú

88. Ar an taobh eile, feictear dom go bhfuil amhras ó thaobh an dlí de ar fheidhmiú na cumhachta ag an gCúirt Ghinearálta a thugtar di le hAirteagal 72(3) de Rialachán 2017/1001 chun cinntí a athrú chun a léiriú ar Airteagal 7(1) de Rialachán Uimh. 207/2009 a dhearbhu. I mo thuairimse, tá earráid dlí thromchúiseach ann ag an bpointe sin de réasúnaíocht na Cúirte Ghinearálta a bhfuil údar maith leis chun an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní. Is gá scrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar shleachta ábhartha an bhreithiúnais sin.

²⁴ Féach mír 75 den Tuairim seo.

89. I mír 50 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, míníonn an Chúirt Ghinearálta, d'fhonn a chinneadh an raibh Airteagal 7(1)(b) de Rialachán Uimh. 207/2009 infheidhme chun chríochnaigh an scrúdaithe ar an iarratas ar chlárú, nár mór a scrúdú ar chomhlíon an marc ar iarradh clárú ina leith na coinníollacha cláraithe a leagtar síos in Airteagal 4 den Rialachán céanna, eadhon, go háirithe, arbh féidir léiriú grafach a dhéanamh air.

90. I míreanna 55 go 57 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, déanann an Chúirt Ghinearálta féin measúnú cuimsitheach ar an marc atá faoi chonspóid chun teacht ar an gconclúid, i mír 58 den bhreithiúnas sin, nach gcomhlíonann an marc sin na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 207/2009 agus, dá bhrí sin, go dtagann sé faoin dearbhfhóras le diúltú dá dtagraítear in Airteagal 7(1)(b) den Rialachán sin. Agus a measúnú féin á dhéanamh ar na fíorais, rinne an Chúirt Ghinearálta ionadaíocht do EUIPO agus sháraigh sí na cumhachtaí a thugtar di le dlí an Aontais. Éilítear leis an gcinneadh sin roinnt barúlacha ginearálta maidir le cosaint bhreithiúnach na gceart intleachtúil.

(1) An inniúlacht chun measúnú a dhéanamh ar fhíorais i réimse na maoine intleachtúla

91. I ndáil leis sin, ba mhaith liom a chur in iúl gur faoi na comhlachtaí inniúla laistigh de EUIPO amháin atá sé measúnú den sórt sin a dhéanamh ar na fíorais.²⁵ Is é an scrúdaitheoir, sa chéad áit, atá 'freagrach', i gcomhréir le hAirteagal 160 de Rialachán 2017/1001, 'cinntí a dhéanamh thar ceann [EUIPO] i ndáil le hiarratas ar thrádmhairc de chuid [an Aontais Eorpaigh] a chlárú'. I measc na gcúraimí atá ar an scrúdaitheoir tá bunú an bhfuil fóras ann atá ina gconstaic ar mharc a chlárú mar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh. Tugtar an chumhacht sin, sa dara háit, do na Boird Achomhairc, atá freagrach, i gcomhréir le hAirteagal 165 den Rialachán sin, as cinneadh a dhéanamh maidir le hachomhairc a thugtar i gcoinne na gcinntí sin. Mar is léir ó Airteagal 71(1) den Rialachán sin, '[t]ar éis scrúdú a dhéanamh maidir leis an achomharc a bheith incheadaithe nó gan a bheith,, déanfaidh an Bord Achomhairc cinneadh ar an achomharc'. Chuige sin, féadfaidh an Bord Achomhairc 'aon chumhacht a fheidhmiú laistigh d'inniúlacht an rannáin a bhí freagrach as an gcinneadh a ndearnadh achomharc air a fheidhmiú, é sin ina aghaidh nó an cás a tharchur chuig an rannán sin chun ionchúiseamh breise a dhéanamh air'.

92. Os a choinne sin, níl an chumhacht sin ag an gCúirt Ghinearálta, faoi Airteagal 72(1) de Rialachán 2017/1001, i gcomhthéacs caingne le haghaidh neamhniú i gcoinne chinnidh a ghlac an Bord Achomhairc. Cé gur léir ó Airteagal 72(3) den Rialachán sin '[go mb]eidh dlínse ag an gCúirt Ghinearálta chun an cinneadh a chonspóidtear a chur ar neamhniú nó a athrú', is amhlaidh fós go bhfuil an chumhacht chun cinntí a athrú teoranta go docht d'athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na gcinntí atá faoi chonspóid,²⁶ ós rud é nach bhféadfaidh Cúirteanna an Aontais Eorpaigh comhthéacs fíorasach agus dlíthiúil na díospóide a athrú mar a tugadh os comhair an Bhoird Achomhairc í. Mar a mhíneoidh mé thíos, ní thugtar le tuiscint leis an lánrogha sin ar bhealach ar bith go bhfeidhmítear dlínse neamhtheoranta sa chiall go bhféadfaidh an chúirt sin a measúnú féin a chur in ionad mheasúnú an Bhoird sin nó measúnú a dhéanamh nach bhfuil seasamh glactha ag an mBord sin ina leith go fóill.²⁷

²⁵ Féach, chuige sin, Chirulli, P., De Lucia, L., *Non-Judicial Remedies and EU Administration*, Caibidil IV ('Administrative review before the EU agencies' Boards of Appeal'), 1ú Eagrán, Abingdon, 2021, lch. 134 *et seq.*

²⁶ Breithiúnas an 18 Nollaig 2008, *Les Éditions Albert René v OHIM* (C-16/06 P, EU:C:2008:739, mír 123).

²⁷ Breithiúnas an 5 Iúil 2011, *Edwin v OHIM* (C-263/09 P, EU:C:2011:452, mír 72).

(2) *Cosaint bhreithiúnach na gceart intleachtúil a eagrú i ndlíchóras an Aontais*

93. Is é is cúis le roinnt na n-inniúlachtaí sin an chaoi a n-eagraítear cosaint bhreithiúnach na gceart intleachtúil i ndlíchóras an Aontais. Ar an gcéad dul síos, is féidir leis na páirtithe lena mbaineann achomharc a dhéanamh os comhair Bhoird Achomhairc EUIPO, a bhfuil dhá fheidhm acu: ar thaobh amháin, tá feidhm scagtha acu, laghdaíonn siad an líon caingne a thugtar os comhair Chúirteanna an Aontais Eorpaigh agus, ar an taobh eile, feidhmíonn siad mar comhlachtaí athbhreithnithe sa réimse ina ndéanann siad idirghabháil, eadhon an dlí maoine intleachtúla. Ar an dara dul síos, féadfaidh siad caingean a thabhairt os comhair Chúirteanna an Aontais Eorpaigh, atá teoranta ansin d'athbhreithniú ar dhlíthiúlacht chinntí na mbord sin, ach ina bhfuil *dlínse ag an mbord sin, faoi choinníollacha áirithe, na cinntí sin a athrú.*

94. Rinne reachtóir an Aontais foráil do chóras leigheasanna riaracháin agus breithiúnacha ar leibhéal éagsúla, agus mar thoradh air sin, *maidir leis an staid fhíorasach, is ag an mBord Achomhairc atá an ról lárnach, a shainítear ábhar na díospóide os a chomhair.*²⁸ Maidir le Cúirteanna an Aontais Eorpaigh, ní mór breathnú ar a n-athbhreithniú mar idirghabháil 'thánaisteach' i gcomhthéacs ina bhféadfaidh siad ní hamháin an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní ach freisin, faoi choinníollacha áirithe, an díospóid a réiteach go tapa agus go héifeachtúil, agus an chothromaíocht institiúideach á hurramú ag an am céanna. Chun am luachmhar a shábháil do na páirtithe agus cúram breise á fhuascailt ag an am céanna don sainchomhlacht riaracháin ábhartha, údaraíonn reachtóir an Aontais do bhreithiúnacht an Aontais athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh Bhord Achomhairc EUIPO. Is é an smaoineamh, ar mhaithe le dea-riarachán, tarchur an cháis chuig an mBord sin a sheachaint i gcás ina gceadaítear amhlaidh le staid na n-imeachtaí agus, ar an gcaoi sin, ligean don Bhord dlíthiúlacht an chinnidh atá faoi chonspóid a athbhunú ina iomláine.²⁹

(3) *Na coinníollacha maidir le feidhmiú na cumhachta chun cinntí a athrú*

95. Má fheidhmíonn Cúirteanna an Aontais Eorpaigh a gcumhacht chun cinntí in ábhair mhaoine intleachtúla a athrú, glactar leis go gceadaítear breithiúnas a thabhairt ar staid na n-imeachtaí. Dá bhrí sin, is gá do na Cúirteanna sin gach ábhar dlí agus fíorais is gá a chur ar fáil dóibh chun cinneadh Bhord Achomhairc EUIPO a athrú, gan scrúdú iomlán nua a dhéanamh ar an gcomhad fiú. Dá bhrí sin, *má mheasann Cúirteanna an Aontais Eorpaigh nach bhfuil gné ábhartha maidir leis an athrú a iarradh orthu i measc na dtosca ar a bhfuil an cinneadh atá faoi chonspóid bunaithe, ní féidir leo an cinneadh sin a leasú.* Os a choinne sin, i gcás ina ndearna Bord Achomhairc EUIPO measúnú ar na tosca ábhartha go léir chun na críche sin, beidh sé in ann dlíthiúlacht an chinnidh sin a athbhunú trína athchóiriú.³⁰

96. I gcás ina gceadaítear amhlaidh le staid na n-imeachtaí, féadfaidh Cúirteanna an Aontais Eorpaigh cinneadh Bhord Achomhairc EUIPO a leasú ionas go gcomhfhreagróidh an cinneadh sin don chinneadh ba cheart don Bhord Achomhairc a dhéanamh i gcomhréir leis an reachtaíocht a bhí i bhfeidhm nuair a tugadh an t-achomharc riaracháin os a chomhair. Dá bhrí sin, eisiatar aon chur chuige suibiachtúil ó Chúirteanna an Aontais sa chomhthéacs sin. Ní

²⁸ Féach, chuige sin, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Wathelet sa chás *Edwin v OHMI* (C-263/09 P, EU:C:2011:30, mír 99).

²⁹ Féach, i ndáil leis sin, Expert, H., Corentin P., 'Le pouvoir de réformation du juge de l'Union en matière de propriété intellectuelle', *Journal de droit européen*, 2019, Uimh. 255, lch. 3.

³⁰ D'aithin an Chúirt Ghinearálta féin na ceanglais sin, mar a léiríodh leis an gcásdlí is déanaí uathí. Féach breithiúnais an 11 Meán Fómhair 2014, *El Corte Inglés v OHIM – Baumarkt Praktiker Deutschland (PRO OUTDOOR)* (T-127/13, nár foilsíodh, EU:T:2014:767, mír 31), agus an 6 Deireadh Fómhair 2021, *M v S. Indeutsch International v EUIPO – 135 Kirkstall (Léiriú ar rachtáin idir dhá líne chomhthreomhara)* (T-124/20, neamhfhoilsithe, EU:T:2021:668, mír 76).

bhaineann sé le hiarmhairtí na hearráide a aimsíodh sa chinneadh atá faoi chonspóid a tharraingt go meicniúil, ná le measúnú a dhéanamh ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar cearta an iarratasóra a choimirciú go leordhóthanach trí fheidhmiú na cumhachta chun neamhniú, ach leis an gcinneadh ba cheart a bheith glactha go dleathach a chinneadh, *i bhfianaise na n-ábhar fíoraís agus dlí mar a shuítear iad*.³¹ Ní bhaineann a cumhacht chun cinntí a athrú ach le cumhacht an Bhoird Achomhairc féin, ionas nach mbeidh sé de chumhacht ag an gCúirt Ghinearálta, mar shampla, teoracha a thabhairt do EUIPO trádmarc a fhoilsiú nó a chlárú.³²

97. Mar a luaigh an Chúirt Bhreithiúnais, go bunúsach, i mbreithiúnas an 5 Iúil 2011, *Edwin v OHIM*, ag cur in iúl gur feidhmíodh an chumhacht chun cinntí maidir le hábhair maoine intleachtúla a athrú tar éis don Bhord Achomhairc athbhreithniú a dhéanamh ar an measúnú, ní féidir an t-athrú sin a dhéanamh ach amháin má *suíodh neamhdhleathacht shubstainteach an chinnidh sin*. Glactar leis sin, dar leis an gCúirt Bhreithiúnais, ‘go bhfuil an cinneadh atá i gceist curtha ó bhail ag ceann de na forais le haghaidh neamhniú nó athrú a leagtar amach in [Airteagal 72 de Rialachán 2017/1001]’ [Aistriúchán neamhoifigiúil].³³ Dá bhrí sin, cé gur faoin iarratasóir, i bprionsabal, atá sé, i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta, ceann de na forais sin le haghaidh neamhniú a chur ar aghaidh i gcomhthéacs na caingne, níl aon rud ann chun cosc a chur ar an gcúirt a bheith i dteideal imthosca coibhéiseacha *a ardú uaithi féin lena dtugtar údar le cinneadh riaracháin a athrú*. Mar a chuir mé in iúl sa Tuairim seo, ceanglaítear le ról ráthóra dhlíthiúlacht bhreithiúnacht an Aontais go ndéanfaidh an chúirt sin idirghabháil i gcás inar cosúil go bhfuil údar leis sin,³⁴ ar choinníoll, ar ndóigh, go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le feidhmiú na cumhachta chun cinntí a athrú.

(4) Réasúnaíocht dhlíthiúil na Cúirte Ghinearálta a scrúdú i bhfianaise na rialacha lena rialaítear feidhmiú na cumhachta chun cinntí a athrú

98. Sa chás seo, ba cheart a thabhairt faoi deara nár chomhlíon an Chúirt Ghinearálta na rialacha lena rialaítear feidhmiú na cumhachta chun cinntí a athrú. Go sonrach, *níor ceadaíodh breithiúnas le staid na n-imeachtaí*, ós rud é gur theip ar an mBord Achomhairc scrúdú a dhéanamh ar an bhforas iomlán le diúltú a leagtar amach in Airteagal 7(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009. Ina ainneoin sin, rinne an Chúirt Ghinearálta í féin scrúdú amhail sin chun pléadáil a ardú *ex officio* lena líomhnaítear sárú ar raon feidhme an dlí. Agus an méid sin á dhéanamh aici, thug sí neamhaird ar an bhfíric nach bhfuil sé d’éifeacht ag an gcumhacht athchóirithe cumhacht a thabhairt di chun ionadaíocht a measúnaithe féin a dhéanamh ar mheasúnú an Bhoird Achomhairc. *Is cinnte nach bhfuil cead ag an gCúirt Ghinearálta measúnú a dhéanamh nár ghlac an Bord Achomhairc seasamh ina leith go fóill*. Agus scrúdú tosaigh á dhéanamh aici ar na himthosca fíorasacha, d’fheidhmigh an Chúirt Ghinearálta dlínse ar leis an mBord Achomhairc amháin í, mar a luaigh mé thuas. Agus na rialacha lena rialaítear feidhmiú na cumhachta athchóirithe á sárú aici, *níor theorannaigh an Chúirt Ghinearálta í féin d’athbhreithniú dlíthiúlachta chinneadh an Bhoird Achomhairc, ach ghlac sí an dlínse chun na fíoraís a mheas*.³⁵

³¹ Mar a mhínigh an tAbhcóide Ginearálta Bobek ina Thuairim in *Apple and Pear Australia agus Star Fruits Diffusion v EUIPO* (C-226/15 P, EU:C:2016:250, mír 74), ní mór feidhmiú na cumhachta chun cinntí a athrú a theorannú, i bprionsabal, do chásanna ina bhfuil an Chúirt Ghinearálta in ann, tar éis di scrúdú a dhéanamh ar réasúnú an Bhoird Achomhairc, a chinneadh, ar bhonn na n-ábhar fíoraís agus dlí a bunaíodh, cén cinneadh a raibh ar an mBord Achomhairc a ghlacadh.

³² Féach, chuige sin, Kur, A., von Bomhard, V., Albrecht, F., *Markengesetz, Verordnung über die Unionsmarke – Kommentar*, 37ú Eagrán, München, 2014, Airteagal 72(72).

³³ Breithiúnas an 5 Iúil 2011, *Edwin v OHIM* (C-263/09 P, EU:C:2011:452, mír 71).

³⁴ Féach míreanna 71 *et seq.* den Tuairim seo.

³⁵ Féach míreanna 90, 91 agus 93 den Tuairim seo.

99. D'fheidhmigh an Chúirt Ghinearálta a cumhacht chun cinntí a athrú cé nach raibh sí i staid a chuir ar a cumas a shuíomh cén cinneadh ba cheart a bheith déanta ag an mBord Achomhairc. Ós rud é gur staon an Bord Achomhairc as seasamh a ghlacadh maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 7(1)(a) de Rialachán Uimh. 207/2009, ní raibh an Chúirt Ghinearálta in ann a chinneadh leis an gcinnteacht riachtanach an bonn ar bhunódh EUIPO a diúltú air maidir le clárú an mhairc atá faoi chonspóid mar thrádmharc an Aontais Eorpaigh. Dá réir sin, sháraigh an Chúirt Ghinearálta teorainneacha a dlínse. Feictear dom go bhfuil an earráid dlí sin an-tromchúiseach sna himthosca a tugadh, ós rud é go nochtar léi neamhaird fhollasach ar an gcreat institiúideach ceangailteach a bhfuil an chumhacht chun maoin intleachtúil a athrú, a chumhdaítear in Airteagal 72(3) de Rialachán 2017/1001, ina cuid de.

100. Mar thoradh ar na tosca sin go léir, tháinig mé ar an gconclúid nach mór a dhearbhu go bhfuil bunús maith leis an bpléadáil a chuir EUIPO ar aghaidh.

3. Barúlacha deiridh

101. Ar bhonn na hanailíse thuas, molaim go seasfaí leis an achomharc. Ní mór seasamh le hiarratas EUIPO agus an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní *ina iomláine*. Más rud é nach mbaineann an earráid dlí a rinne an Chúirt Ghinearálta ach leis an gcéim deiridh dá réasúnaíocht bhreithiúnach, maidir le feidhmiú na cumhachta athchóirithe, tá sé fós fíor go bhfuil dlúthcheangal ann leis na gnéithe breithiúnacha a scrúdaigh sí agus tuilleann siad, mar sin, cinneadh *ex novo*.

102. A mhéid atá measúnuithe fós riachtanach chun an díospóid a réiteach, measaim nach gceadaítear le staid na n-imeachtaí don Chúirt Breithiúnas a thabhairt de réir bhrí na chéad mhíre d'Airteagal 61 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, molaim go ndéanfaí é a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta le haghaidh breithiúnais agus na pointí dlí arna gcinneadh le cinneadh na Cúirte Breithiúnais á gcur san áireamh.

103. Ós rud é go moltar an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, is iomchuí na costais a bhaineann leis na himeachtaí achomhairc seo a fhorchoimeád.

VII. Conclúid

104. I bhfianaise an mhéid sin thuas, molaim don Chúirt Bhreithiúnas:

- (1) breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 7 Nollaig 2022, *Neoperl v EUIPO* (*Léiriú ar ionsáteán sláintíochta sorcóireach*) (T-487/21, EU:T:2022:780) a chur ar neamhní ina iomláine;
- (2) an cás a tharchur ar ais chuig Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, agus
- (3) na costais a fhorchoimeád.